


An Cheathrú Rua

Cáit Ní Dhomhnaill M.A., Ph.D.



Léacht an Oireachtais 1983

An Cheathrú Rua

Cáit Ní Dhomhnaill M.A., Ph.D.

Eagarthóireacht/Dearadh: Íte Ní Chionnaith



Léacht an Oireachtais 1983

An Chéad Chló 1984.

© Cáit Ní Dhomhnaill.

Gach ceart ar cosnamh.

Clúdach: Óstán Cheathrú Rua (grianghraf le caoinchead Údarás na Gaeltachta).
Radharc den Cheathrú Rua (grianghraf le caoinchead Bord Fáilte).

Is mian le Coiste an Oireachtais buíochas a ghabháil le Bord na Gaeilge, le Cristín Ní Chualáin ón mBord a rinne an clóchur ar an leabhrán seo agus leosan a chuir grianghrafanna ar fáil, Roinn Bhéaloideasa Éireann, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Bord Fáilte agus Údarás na Gaeltachta.

Is mian leis an gCoiste buíochas a ghabháil freisin le hEoghan Ó Riagáin, Léaráid, a bhronn cóipeanna dá léarscáil Connamara Theas orainn, le scaipeadh mar chuid den leabhrán seo.

Curtha i gcló ag *Folens*.

Stair an Cheantair

Ní mórán eolais atá againn ó lucht na seanstaire i dtaobh na Ceathrún Rua, nó má théann sé chuige sin, i dtaobh Chonamara fré chéile. Ní go dtí lár an 17ú céad atá an t-ainm, *an Cheathrú Rua*, le fáil ar pháipéar, ar chor ar bith. Is é an leagan Béarla den ainm a breacadh síos an tráth úd. Bíodh sin mar atá, ach tabharfaidh mé iarracht ar an mbeagán féin atá le fáil a chur in bhur láthair sa bpáipéar seo. Gach a mbeidh le cloisteáil agaibh uaim, tá sé bunaithe ar an gcéad dul síos, ar an eolas a bhain mé as na leabhair atá luaite i ndeireadh an leabhráin seo. Ar an dara dul síos, tá mo chuntas ar an stair áitiúil bunaithe ar gach ar chuala mé uirthi, ó bhéalaithe gaolta agus comharsana agus ó mhuintir an phobail seo.

Is leithinis an dúiche seo, atá suite idir Cuan Chasla agus Cuan an Fhír Mhóir. Ní feasach mé aon ainm ar an leithinis go dtí an leabhar *West of H-Iar Connaught* (1684), áit a dtug an t-údar *Ruaidhrí Ó Flaitheartaigh, Inis Mhac Adhaimh* uirthi. Ina theannta sin, d'inis sé gur ar an gcúigiú lá déag de Mhárta a thiteadh lá féile an naoimh, patrún na háite. Chinn orm teacht ar eolas ar bith i dtaobh aon naoimh sa tír seo a raibh *Mac Adhaimh* air. Daoine atá beo beathaíoch fós sa bpobal seo, bail ó Dhia orthu, deir siad liom gur chualadar an t-ainm, *Inis Mhac Adhaimh*, á thabhairt ar an dúiche.

Ina dhiaidh sin féin, cé is moite den leabhar *West of H-Iar Connaught* (1684), níl an t-ainm le fáil breactha ar pháipéar, go dtí gur priondáileadh ar léarscáil

*Na Chéad
Tagairtí*

Na Chéad Tagairtí

1839 é. Sin an chéad léarscáil éargnúil den tír iomlán a rinneadh riamh, agus siad na saipéars a bhí ina bun i dtríochaidí an chéid sin.

Scoláire cáiliúil le stair, *Seán Ó Donnabháin* as Contae Chill Chainnigh, is é a shocraigh cé na hainmneacha a ghabhfadh ar an léarscáil. Fuair seisean an t-ainm, *Inis Mhac Adhaimh*, i leabhar 1684 *West of H-Iar Connaught* agus is in aithris air sin a bhaist sé *Teampall Inis Mhac Adhaimh* ar sheanbhallaí an teampaill atá thíos i reilig Bharr an Doire go dtí an lá inniu. D'fhéadfadh gur ón léarscáil sin a fuair muintir na háite an t-ainm *Inis Mhac Adhaimh* ar a mbéal.

Tailte an Chillín (the lands of Killeen), atá ag *Ruaidhrí Ó Flaitheartaigh* sa leabhar *West of H-Iar Connaught*, is tagairt é don chuid ó dheas den leithinis, de réir cosúlachta. Luaigh sé ina cheann sin go raibh seanbhallaí scéipíl i dtailte an Chillín. Mar sin, meastar gur ionann an Cillín agus *Teampall Inis Mhac Adhaimh*, mar a chuir an Donnabhánach síos. Ar ball, ainmníodh Cillín mar bhaile fearainn sa leabhar *Book of Survey and Distribution* (1652). Le barr ar chéad bliain, tugtar paróiste an Chillín ar an bparóiste a bhfuil muid cruinn anocht ann. Ní heol dom an t-ainm, *Paróiste an Chillín*, a bheith le fáil ar pháipéar i nGaeilge go dtí 1872.

Deich gcinn de bhailte fearainn atá i gContae na Gaillimhe, a bhfuil an t-ainm, *An Cheathrú Rua/Carrowroe*, orthu. Na trí cinn atá thart orainn, ar ball na háite, mar a déarfá, is orthu atá fúm cur síos a dhéanamh anseo. Sin *An Cheathrú Rua ó Dheas*, *An Cheathrú Rua ó Thuaidh*, *An Cheathrú Rua Thiar*. Ar an iomlán, is limistéir fhíorfhairsinge iad, mar tá beagnach 4,500 acra tugtha síos dóibh. As na trí bailte, is í *an Cheathrú Rua ó Dheas* an ceann is mó le rá, mar is ansin, nó is thart uirthi, is líonmhaire a tógadh tithe agus foirgeanta eile, agus is ann is mó atá cónaí daoine.

Síneann limistéir na mbailte seo i bhfad ó thuaidh as an áit a bhfuil muid anocht. Tá an teorainn thiar aduaidh ag sroichiúint go dtí *Béal an Daingin*, agus tá an teorainn thoir aduaidh ag síneadh chomh fada le *Muiceanach idir Dhá Sháile*.

Seilbhéarachta na Talún

Ní heol dom an t-ainm *An Cheathrú Rua*, a bheith ar pháipéar roimh an mbliain 1652, agus is í mBéarla a scríobhadh an t-am sin é sa *Book of Survey and Distribution*. Mar atá fhios agaibh, d'éirigh muintir na hÉireann amach in aghaidh Shasana sa mbliain 1641. Díreach ina dhiaidh sin, ritheadh acht i bParlaimint Shasana, a leag síos dhá reacht. D'ordaigh an chéad cheann a chuid talún a bhaint d'aon Éireannach a throid in aghaidh an Rialtais, agus an talamh sin a thabhairt mar aisíoc don dream a thug iasacht airgid don Rialtas, le costas an chogaidh a ghlanadh. Sa dara reacht, fógraíodh seilbhéarachta a dhéanamh ar thailte na ndaoine a throid in aghaidh an Rialtais.

Thóg an tseilbhéarachta deich mbliana, agus mar sin, ní go dtí 1652 a tosaíodh ar an bplandáil a chur i gcrích. Idir an dá linn, bhí an rí, Séarlas I, curtha chun báis ag an bParlaimint, agus bhí Cromail tagtha i gcumhacht sna trí hoileáin seo. Chríochnaigh seisean an cogadh go fuilteach i 1652 agus thosaigh obair na Plandála. Sna leabhair a rinneadh de thoradh na seilbhéarachta sin, tá an *Cheathrú Rua* ainmnithe i dteannta na mílte is na mílte d'ainmneacha eile as an gcuid is mó d'Éirinn.

Níor cuireadh síos sa *Book of Survey and Distribution* (1652) cén comhair-eamh ceann daoine a bhí in aon áit áirithe, ná cén stoc a bhí acu. Níl tada ráite i dtaobh méid na ngabháltas, má bhí a leithéid ann, ach tá le céill nach bhféadfaí mórán daoine ná mórán stoic a chothú ar go leor de thalamh Chonnacht.


De réir an *Book of Survey and Distribution*, bhí an *Cheathrú Rua* ina cuid de bhaile fearainn an Chillín, agus bhí sí suite i bparóiste Chill Chuimín. Ceithre chartúr a chomhairtí don *Cheathrú Rua*. 2,272 d'acraí a bhí ann uilig, ach ní raibh de thalamh séasúrach ar an méid sin ach 112 d'acraí ar fad.

Sa mbliain 1641, roimh thús an chogaidh, ba le *Mac Thaidhg Beach Cathail* agus *Pádraig Froinseach* na ceithre chartúr, cé is moite de leath-chartúr amháin a bhain leis an bparóiste. Ina theannta sin, luaitear go raibh morgáiste ag *Maolmhuire Mac Ruaidhrí* ar chuid de thalamh Chathail. I ndeireadh an

Seilbhéarachta na Talún

chogaidh, fuair *Seoirse Stundún* na ceithre chartúr ar fad. Níl a fhios againn go fóill tada eile i dtaobh na ndaoine údán.

Sílim gurbh fhearr focailín a chur isteach anseo ar an dá mhiosúr thalúna sin, *ceathrú* agus *cartúr*, mar is minic a chuala mé comhrá ar nithe mar iad sa bpobal. Tá an scéal aimhréiteach go maith, mar nárbh ionann an miosúr a chomhairtí don cheathrú is don chartúr, in áiteacha éagsúla ar fud na tíre. Rud eile, ní do réir líon na n-acraí, chor ar bith, a dhéantaí toiscanna talúna a mheas sa seanchóras Gaelach. Bhí dhá chaoi ann, agus iad bunaithe ar an ngiodán a dtugtaí *baile biataigh* air. Do réir miosúr amháin, bhí féar trí chéad bó sa mbaile biataigh. Do réir miosúr eile, thóg sé ocht lá is dá scór le baile biataigh a threabhadh. Is minic a roinntí baile biataigh ina cheathrúna, agus d'fhág sin féar chúig bhó dhéag is trí scór i gceathrú amháin, nó dhá lá dhéag de threabhadóireacht. Níl scéal na gcartúr chomh héasca sin, mar tá ceithre chartúr sa gceathrú in áiteacha, agus dhá chartúr in áiteacha eile, ar na saolta seo.



4

(Grianghraf le caoinchead Roinn Bhéalóideasa Éireann)

Maidir le ciall ainm na Ceathrún Rua, is cosúil nach bhfuil aon bhaint ag an bhfocal *rua* le dathanna. Tá fianaise ann go dtiocfadh dó gur ionann *rua* agus *garbh* ins go leor cásanna. Mar shampla, cloistear caint ar *gaoth rua an Mháirta*, áit nach bhfeilleann lí ná dath don fhocal *gaoth*. Más *garbh* is cóir a thuiscint as an ainm, tugtar faoi deara gur talamh sách garbh atá sna trí Cheathrú Rua, sa lá inniu féin. Mar chruthúnas eile ar an ngairbheadas, tá le feiceáil ar léarscáil 1839 nach raibh ag an am sin ach timpeall is dhá scór de thithe agus roinnt bheag de gharrantaí sa gCeathrú Rua ó Dheas; sin ionann is an taobh thiar den leithinis ar fad. Ina aghaidh sin, ar an taobh thoir den leithinis, mar a bhfuil *Barr an Doire* is *Caorán Beag*, tá bordáil ar ocht scór de thithe, agus tá an chuid is mó den limistéar roinnte ina gharrantaí, do réir léarscáil 1839.

Ón achar idir 1832 is 1862, luaitear an *Cheathrú Rua* i dtrí chineál de chuntais oifigiúla. Ar an gcéad cheann, tá na leabhair is na scríbhinní a bhaineas leis an gcéad léarscáil ordanáis, idir 1830 is 1850. Sa dara háit, tá móráireamh na mblianta 1841, 1851, 1861. Sa tríú háit, tá an luacháil a rinne Sir Richard Griffiths ar thalamh na hÉireann, idir 1855 is 1862. As na cuntaisí sin uilig, is iad leabhair an *Griffith Valuation* (1862) is fearr a thugas faisnéis dúinn, mar le cois na luachála a measadh do ghabháltaisí éagsúla, tá ainm chuile cheann tí clóbhuailte sa leabhar, chomh maith le ainm an tiarna talún nó ainm úinéara na talún.

Is deacair a rá cén uair go baileach a baisteadh an *Cheathrú Rua* mar ainm ar an leithinis, agus ar an mbaile beag a d'fhás ar an láthair a bhfuil muid cruinn anocht. "*Bailíonn brobh beart*" adeirtear, agus measaim gur leanadh d'ainm na Ceathrún Rua go hoifigiúil san áit, de bharr gur ar thalamh na Ceathrún Rua ó Dheas a suíodh beairic na bpóilíos, teach an phosta agus an scoil náisiúnta, thart faoi lár an 19ú céad. Amuigh faoin tír, is iondúil ainm baile fearainn a ghlaoch go hoifigiúil ar na foirgeanta poiblí atá tógtha ar an áit. Fágann sin, dá ndéantaí na foirgeanta sin a luaigh mé ar thalamh Bharr an Doire nó an Chaoráin Bhig, go mbeadh malairt d'ainm ar an láthair a bhfuil cruinniú na hoíche anocht.


Conamara


Is deacair labhairt ar an gCeathrú Rua gan *Conamara* a lua, mara mbeadh ann ach gur fíor-inspéise an t-ainm é. In aon scríbhinn Ghaeilge aniar go dtí blianta deireanacha an 16ú céad, tá an t-ainm le fáil mar *Conmaicne Mara*, leagan atá fáiscithe as an ainm pearsanta *Connhac*. Ciallaíonn *Conmaicne Mara* rud éigin cosúil le *Clann Chonmhic na Farraige*, agus tá le tuiscint as sin gur ainmníodh an dúiche ón gcine a chónaíodh inti, rud ba fairsing sa bhfíor-sheanaimsir. Mar shamplaí air sin, féach ainmneacha mar *Connachta*, a sheas don chúige is don dream a fuair seilbh air; *Clann Riocard* mar ainm ar na daoine is ar an áit; *Fir Manach*, agus go leor eile. Roimh theacht na Normannach, bhíodh *Connhaicne* ina ainm cine is ina ainm dúiche ar cheithre cinn eile d'áiteacha i gCúige Chonnacht, ach níor mhair na hainmneacha i bhfad i ndiaidh an ama sin.

Sa lá inniu, ní leagan oifigiúil é an t-ainm *Conamara*. Níl a teorainneacha leagtha síos in aon leabhar de chuid na haimsire seo. Mara bhfuil féin, is iondúil a chomhaireamh go síneann *Conamara* ón bhfarraige mhór go dtí Loch Coirib, agus ón gCaoláire go dtí Cois Fharraige. Tá daoine ann a thabharfadh an teorainn thoir chomh fada leis an bhFáirche agus an chuid thoir den Dúiche Sheoigeach, ach ní feasach mé cén t-údar atá acu lena mbarúil.

Sa leabhar *Composicion Booke of Conought* (1585), leagadh síos i scríbhinn go mbíodh dhá Chonamara ann. I mBéarla a scríobhadh sin, i leabhar a thug cuntas ar thailte Chúige Chonnacht ar fad, agus ar úinéirí na dtailte sin. Is é a ainmníodh mar úinéir ar an dá Chonamara, *Tadhg Ó Flaitheartaigh*, nó *Tadhg na Buile*, mar a thugtaí air sna seanscéalta ar feadh trí chéad bliain. Cuimhnítear air gur i mBéarla a bhí an méid sin. Níl aon fhianaise againn go raibh leagan Gaeilge riamh ann ar an dá Chonamara údán. Is éard a bhí tugtha síos don dá Chonamara, an dá leath de Bharúntacht Bhaile na hInse, limistéir a dtugtaí Baile na hInse Íochtarach agus Baile na hInse Uachtarach orthu sna laethanta sin.

Níor mhiste beagán a rá anseo faoi bharúntachtaí, mar is minic a luaitear an





bharúntacht, le linn cainte ar an bparóiste. In Éirinn, níl de bhrí le *barúntacht* ach gur páirt de chontae í, agus braitheann líon na mbarúntachtaí ar an méid atá sa gcontae. I gContae na Gaillimhe, tá dhá cheann déag de bharúntachtaí. Sa gcuid den chontae atá siar ó Loch Coirib, tá ceithre cinn: Baile na hInse, Maigh Cuilinn, Ros, Árainn. Scaití, deirtí leathbharúntacht le Ros agus le hÁrainn, i ngeall ar laghad a líon muintire.

Níor mhinic trácht ar Chonmhaicne Mara i seanstair na hÉireann, agus is cosúil nach páirt rómhór a bhí ag muintir na dúiche sin in imeachtaí na sean-aimsire. Ina dhiaidh sin, dá laghad a líon, bhí taoiseach ar na gcine, mar tá trácht sna hannála ar *Aodh Ó Cadhla*, tiarna Chonmhaicne Mara, a cailleadh sa mbliain 1139. Tá Ó Cadhla eile luaite mar thiarna na dúiche, i bhfilíocht a cumadh sa 14ú céad. Meastar go bhfuil an sloinne céanna fanta san áiteamh, *Seanadh Chadhla*, siar ón Teach Dóite, ag Loch Sindile.

Iarthar Chonnacht

Measaim gur cheart labhairt ar ainm eile a bhfuil dlúthbhaint aige leis an gCeathrú Rua, bíodh nach dtig a rá le cinnteacht cén suíomh atá ag an áit atá ainmnithe ann. *Iarthar Chonnacht* atá scríofa don áit ins chuile scríbhinn a bhfuil an t-ainm le fáil inti. In *Annála Chonnacht*, faoin dáta 1227, atá an leagan is sine a chonaiceas. I mBéarla, is iomaí leagan atá ar an ainm, agus téann cuid acu siar go dtí an 16ú céad. Seo cuid acu: *H-Iar Connaught, Iar Connacht, Ireconaght, Ireconnaghte, Ireconnaught, Ireconnaughte, Ireconoght, Ireconoghtie, Ireconought, Jarconnacht, Jerconnacht, Jeherconnacht*.

Ina aice sin, níl scríobhaithe, údair ná eagarthóirí ag teacht le chéile i dtaobh cén áit a raibh *Iarthar Chonnacht* suite. Cuireadh ar aghaidh gurbh ionann í agus Dúiche na bhFlaitheartach; cheap tuilleadh gurbh ionann í agus Deoise Eanach Dhúin. Shíl roinnt eile gur shín limistéar *Iarthar Chonnacht* ó Loch Coirib, ó abhainn is ó chathair na Gaillimhe, go dtí Barúntacht Chill Mheáin i gCondae Mhaigh Eo, agus as sin go dtí Barúntacht Dhún Chuilinn, ó dheas de Ghaillimh. I dtuairisc eile, ceapadh d'*Iarthar Chonnacht* a bheith ag síneadh as Cathair na Gaillimhe, siar le hais an chuain go farraige. In áit eile, dúradh gurbh ionann an limistéar agus na ceithre barúntachtaí seo: Maigh Cuilinn, Baile na hInse, Ros, Árainn. Tugadh síos i gcuntas eile fós gurbh ionann í agus Barúntacht Mhaigh Cuilinn.

Tugtar faoi deara go bhfuil an t-ainm *Iarthar Chonnacht*, is na hil-leaganacha Béarla de, imithe as úsáid faoi seo, cé is moite de chúrsaí na staire. Ina cheann sin, is féidir *Conamara* is *Iarthar Chonnacht* a chur le chéile, mar dhá ainm a sheas do limistéirí cruinne, lá den saol, ach nach bhfuil aon teorainn chinnte acu anois.

Na Paróistí

San am i láthair, tá leithinis seo na Ceathrún Rua ar fad i bparóiste an Chillín. Ar léarscáilte 1839, 1899, 1902, taispeántear an leithinis droimscoilte idir paróiste Chill Chuimín agus paróiste Chill Aithneann. Ar an taobh thiar den leithinis, tá na trí Cheathrú Rua agus iad i bparóiste Chill Chuimín, ach ar an taobh thoir di, tá Barr an Doire agus an Caorán Beag i bparóiste Chill Aithneann. Is ceart a rá go bhfuil an dá sheanpharóiste, Cill Chuimín is Cill Aithneann, ina seasamh fós, ach iad laghdaithe go mór, de bharr malairt teorainneacha a chur ar na ceithre ranna eaglasta seo: Ard-deoise Thuama, Deoise Eanach Dhúin, Bhairdín-teacht na Gaillimhe, Deoise na Gaillimhe.

Tráchtfaimid ar *pharóiste Chill Chuimín* ar dtús, mar is sa bparóiste sin a bhí an Cheathrú Rua ar feadh na gcéadta bliain. Ina theannta sin, is cóir a rá go raibh an Cheathrú Rua ina cuid de Dheoise Eanach Dhúin, ón tríú céad go dtí an 14ú céad. Idir an 14ú céad is an bhliain 1831, bhain trí athrú do pharóiste Chill Chuimín. An chéad athrú, an paróiste a chur le Ard-deoise Thuama i 1324; an dara hathrú, é a chur le Bhairdín-teacht na Gaillimhe, thart ar 1490; an tríú hathrú, é a chur le Deoise na Gaillimhe, nuair a bunaíodh sin in 1831.

Thart ar lár an chéid a caitheadh, ar mhaithe le gnóthaí riaracháin, bhí Ros Muc, an Cheathrú Rua agus Uachtar Ard i bparóiste Chill Chuimín le chéile. Ar ball, le go mb'éasca iad a rith, cuireadh Ros Muc agus Leitir Mealláin le chéile i bparóiste Chill Bhriocáin. Tá an t-ainm, paróiste Chill Chuimín, fós ann, ach níl i gceist leis anois ach Uachtar Ard. Níos deireanaí fós, sa mbliain 1890, rinneadh paróiste an Chillín den Cheathrú Rua agus athraíodh an Cheathrú Rua is Leitir Mealláin ó Dheoise na Gaillimhe go dtí Ard-deoise Thuama. Tá an scéal mar sin ó shin.

Is deacair a aimsiú cén uair a tosaíodh ar úsáid a bhaint ar an ainm, *Paróiste an Chillín*. Chomh fada le mo thuairim, níl an t-ainm le fáil scríofa go dtí 1872, ach d'fhéadfadh sé bheith ar bhéal daoine roimh an mbliain sin, ar ndóigh. Maidir le *Cillín* mar ainm aonraic ón tseanaimsir, ní fhaca mé breactha ar pháipéar é ach i dtrí fhoinse, agus é sin i mBéarla i gcónaí. Sa *Book of Survey and Distribution* (1652), is baile fearainn é. I *West of H-Iar Connaught*

(1684), luaitear tailte an Chillín, agus deirtear go raibh teampall ar an áit. Ar léarscáil 1839, 1899, 1902, tá sé marcáilte gar do reilig Bharr an Doire.

Is é an teampall atá thíos i mBarr an Doire an ní is sine sa leithinis, agus sa mbéaloideas áitiúil, deirtear gurb é *Smucán*, naomh a tháinig amach as Árann, a chuir suas an teampall in aon oíche amháin. Tá ráite i measc mhuintir an cheantair gur airigh pobal Bharr an Doire is an Chaoráin Bhig torann is toirnéis i gcaitheamh na hoíche. Ar maidin, nuair a d'éirigh siad, bhí an teampall déanta ag *Smucán*.

Dá mba naomh áitiúil é *Smucán*, shílfeá gur mhór an t-údar iontais gan a ainm a bheith luaite i bpaidreacha, mar a luaitear *Mac Dara* agus *Colm Cille*. I leabhar *Knox* (1904), scríobh an t-údar gurbh as an ainm *Mac Adhaimh* a fáisceadh an t-ainm *Smucán*, ach is deacair a theacht leis an méid sin. Ar chaoi eile, cuirtear an t-ainm *Macán* ar aghaidh mar bhun ceart do *Smucán*, ach níl eolas ar *Macán* ná *Smucán* mar ainm naoimh in aon cheann de na seanleabhair ar bheatha naoimh na hÉireann.

I leabhar *Knox* (1904), insítear go dtug *Mac Dara* cuairt ar an gCeathrú Rua, tráth, agus go mba eisean a rinne an teampall. Thugadh seanmhuintir na háite turas ar an teampall sa seanreacht. Le blianta anuas, léann an sagart paróiste seo againn féin, an tAthair Máirtín, Aifreann sa teampall ar Lá Fhéile Mhic Dara, patrún na háite.

Maidir le *Paróiste Chill Aithneann*, bhain sé le Tuaim ón 16ú céad go dtí 1890, lena bheag nó a mhór d'athrú ó am go ham. Sa mbliain 1890, fógraíodh go raibh an chléir le paróiste Chill Aithneann a chur isteach le Deoise na Gaillimhe. Sagart paróiste sealadach a bhí i gCill Aithneann ag an am, an tAthair Micheál Ó Cadhain, fear a raibh a cháil gaibhte amach ar fud an Iarthair, de bharr páirt na ndaoine a thógáil in imeachtaí an Laidiléig. Chuir seisean go láidir in aghaidh aon athrú a dhéanamh ar an bparóiste.

Do réir dlí na hEaglaise, bhí cead ag easpag teorainneacha paróistí a athrú

Na Paróistí

ina dheoise féin, ach le teorainneacha a dheoise a athrú, níor mhór an Pápa a cheadú. Sa mbliain 1893, chuir an t-easpag cúram pharóiste Chill Aithneann ar shagart eile, an tAthair Marcas Ó Conaire, as an nGairfeanach, Ros Muc, sagart a chaith seal sa gCeathrú Rua, tráth eile. Chinn airsean an t-achrann faoin athrú a thabhairt chun réitigh. Ag an am céanna, thug an tAthair Ó Cadhain an chúis ó chúirt go cúirt in Éirinn, agus fiú chomh fada leis an Róimh, ach ní bhfuair sé aon toradh faoi shásamh. Fuair sé bás in 1899.



12

*(Grianghraf le Dónall Ó Cearbhaill.
Le caoinchead Roinn Bhéaloideasa Éireann)*

Pobal an Cheantair

Go dtí seo, is mó a bhí mo chaint ag cur síos ar an stair. Ní mór dom tosú anois ag trácht ar dhaoine. Sa leabhar *West of H-Iar Connaught* (1684), mhol *Ruaidhrí Ó Flaitheartaigh* Conamara, ach dúirt sé go raibh an tír lán le sléibhte, riascaigh gharbha, cnoic is carraigreacha. Ina dhiaidh sin, ní talamh ard amach is amach atá i gConamara. Tá dhá dtrian den dúiche nach bhfuil airde céad troigh os cionn na farraige inti. Má tá féin, tá fhios againn ó na saineolaithe agus ónar gcleacht féin ar an talamh, nach mórán de dhoimhneacht créafóige atá in áit ar bith i gConamara.

Ar an bhfód tanaí sin a tógadh na glúnta de mhuintir Chonamara, agus de mhuintir na Ceathrún Rua ina measc. Má tógadh féin, ní raibh siad gan an fiúntas ná an feabhas a d'fhás as an oiliúint a fuair siad ar fhód cineálta a ndúchais. Ná ní raibh siad riamh chomh dona agus a daitear in áiteacha iad. Mar shampla, fuair an Pápa litir ó threibheacha Chathair na Gaillimhe sa mbliain 1484, ag rá gur dhream fiáin iad muintir Chonamara; go n-ionsaídís an chathair go minic, ag marú is ag réabadh leo. B'shin cúig chéad bliain ó shin. A mhalairt de chál a bhí ar mhuintir Chonamara sna cuntaisí a scríobh turasóirí a tháinig thar farraige isteach sa tír seo le trí chéad bliain. Moladh mór a fuair siad, agus tugadh síos i gcónaí gur dhream cineálta, cairdiúil, fáilteach iad, agus déarfadh mise anocht gur maith a thuilleas pobal na Ceathrún Rua a bheith comhairthe ar na dea-dhaoine sin.

Bochtaineacht

Bochtaineacht

Tá rud eile a thug strainséaraí faoi deara ar mhuintir Chonamara agus ar chuid mhaith de mhuintir na hÉireann uilig. Sin an bhochtaineacht a chonaic siad ar chuile thaobh. Seod Sasanaigh is Francaigh, a scríobh ina dteanga féin, i rith an dá chéad bliain a caitheadh. Bhí an scéal ceanann céanna le hinsint ag na sagairt, dream a raibh togha aithne acu ar a bpobal féin, agus ar an anró is an cruatan a bhí le fulaingt acu.

Tá litreacha ó pharóistí éagsúla i gConamara sna *Wardenship Documents* 1780–90, ag cur síos ar an mbochtaineacht, ach ba bhoichte corráit ná a chéile. Mar shampla, i litir amháin ó Ard-easpag Thuama, insítear go n-íoctaí $1/0^{1/2}$ sa mbliain le sagairt i bparóiste an Chillín. Lag go leor! $2/2$ a d'fháigh-eadh sagairt sa gcuid eile den Ard-deoise. I bparóiste Mhaigh Cuilinn, bhíodh $2/8^{1/2}$ ag dul don sagart ar baisteadh, ag an am sin. Ó choróin go dtí £12 a bheadh ar shochraidí, agus leathchoróin is punt ar phósadh, ach is minic nach n-íoctaí thar $5/5$.



*An taobh istigh de theach
sa Cheathrú Rua 1895*

*(Grianghraf le caointhead
Roinn Bhéaloideasa Éireann)*

Is cuid suntais go bhfuair na strainséirí locht an-mhór ar bhóithre na tíre seo. Ba seacht measa an locht ar ndóigh, in áiteacha nach raibh bóthar ar bith. Do réir na *Wardenship Documents* (1780), bhíodh sagairt Chonamara ag taisteal seasta síoraí, agus sin ar dhrochbhóithre, de shiúl a gcos nó ar dhroim capaill, gan caint ar a dhul i gcurach nó i mbád. San am sin, tar éis Aifreann a léamh ar an gCeathrú Rua, bhíodh ar an sagart a dhul go Leitir Mealláin, le Aifreann Domhnaigh a rá ansin. Is minic a chinneadh air an turas a dhéanamh in am don Aifreann thiar. Turas sé mhíle a bhí le cur de aige, ceithre mhíle de shiúl cos, agus dhá mhíle i mbád nó i gcurach.

I leabhar *Taylor agus Skinner, Roads of Ireland* (1775), níor thaispeáin na húdair aon bhóthar siar as Uachtar Ard, ach ceann dhá mhíle nó mar sin, taobh amuigh den bhaile mór féin. In aon chur síos ar Chonamara, is é an taobh ó thuaidh de is mó a bhíodh i dtrácht, is é sin, siar Uachtar Ard, Baile na hInse is an Clochán. Mara raibh bóthar don taobh sin, ba mhairg dúinn anseo a bheith ag súil le bóthar. Luath go maith, i gcuid de na cuntaisí, tá caint ar bhóthar an rí, as Gaillimh go Bearna. Taobh amuigh de sin, chinn orm a dhéanamh amach cén uair a dtáinig an bóthar sin anoir an chuid eile den bhealach go Conamara. Ar ndóigh, tá cosáin taispeáinte in áiteacha, ceart go leor. Tá caint ag seandaoine gur le giniúcháí a d'íoctaí a bpá leis an dream a bhí ag obair ar bhóthar an rí.

I leabhar *Hely Dutton, Statistical Account of Co. Galway*, (1825), mheas an t-údar gurbh iondúil do bhóithre Chontae na Gaillimhe a bheith go maith, ach in áiteacha eile sa leabhar fritheadh locht orthu. Ní raibh na droichid ann thar mholadh beirte, ach oiread. Bhí cuid acu déanta chomh dona sin go raibh siad ag titim ó chéile. Bhí go leor acu róchúng. Thairis sin, insítear go mbíodh daoine ag cartadh na gloch as a gcuid garrantaí, agus dá leagan amach ar cholbha an bhóthair, sa gcaoi gur beag bealach a fágadh ag cóistí nó ag carrannaí capaill le dul an bóthar.

I dtosach an 19ú céad, ní raibh na hinnealltóirí ag teacht le chéile i dtaobh cé na clocha ab fhearr le bóthar a dhéanamh, ceanna beaga nó ceanna móra.

Na Bóithre

Ó 1820 amach, thaispeáin an seilbhéara cáiliúil Albanach, *John Loudon McAdam*, gurbh fhearr clocha beaga, ach iad a leagan ina sraitheanna os cionn a chéile. Tamall ina dhiaidh sin, tháinig Albanach eile, *Alastar Nimmo* (nó *Numó*, mar atá air in áiteacha i bhfus), tháinig seisean ag obair ar bhóithre na tíre seo. Is é a rinne *Cé Numó* i nGaillimh. Ina theannta sin, bhí sé ina shaineolaí ar na portaigh, agus scríobh sé tuarascáil ar phortaigh na hÉireann don Rialtas, timpeall is 1825. Ar cheann de na bóithre a rinne seisean, tá bóthar an rí as Gaillimh don Chlochán, nó an Bothar ó Thuaidh, mar a thugas a lán air.

Sa leabhar *Tour of Connemara*, (1833) scríobh an t-údar cáiliúil Sasanach, *Maria Edgeworth*, scríobh sise go raibh an bóthar nua seo le Numó i ngeall le bheith críochnaithe, ach go mb'éigean di taisteal ar an seanbhóthar corrach as Gaillimh go Baile na hInse. Taobh amuigh d'Uachtar Ard, deir sí go ndeachaigh an cóiste dhá bhá i mbograch bóthair. Anuas le bodaigh d'fhir as na cnoic, adeir sí, leis an gcóiste is na capaill a tharraingt as na clascannaí. Dream breá béasach a bhí sna fir seo, deir sí, ach níorbh eol di céard a bhíodar a rá, mar ba í an Ghaeilge a bhí eatarthu. Nuair a tugadh a bpá don dream seo ag deireadh na haistire, ní mó ná sásta a bhíodar lena raibh le fáil acu ó na Sasanaigh. Ba shin é an gnás, is cosúil, an drioball seo, mar a thug sí orthu, na cóistí a leanacht lena dtabhairt as na poill nuair a théidís á mbá.

Ar na saolta seo, bíonn bóithre ina gcúram ar an gComhairle Chontae, ach go dtí timpeall is 1820, bhaintí an t-airgead de na daoine, i bhfoirm cháin bhóthair, a mblaoití *airgead poiblí* uirthi; ó chúig phínn go dtí deich bpínn an t-acra a bhí le n-íoc. Ní bhíodh aon bhairinn ar go leor den airgead sin, de bharr caimiléireachta, agus ritheadh acht nua san am, a thug cumhacht do na giúistísí scéimeanna bóthair is a gcostas a scrúdú uair sa mbliain, leis an gcneámhaireacht a stopadh. Is cóir a rá anseo go mbíodh roinnt tiarnaí talún thall is abhus a níodh iarrachtaí ar chaoi a chur ar bhóithre ina gcomharsanacht féin, nó a rinne gearrbhóithre úrnua ar a gcostas féin, ó am go chéile.

Is údar suime an tagairt san *Statistical Account of Co. Galway* (1825) don charr sleamhnáin a bheith in úsáid i gConamara san achar sin. Carr dá shamhail, bíonn sleamhnáin faoi, ar áit rothaí. Bhídís le fáil sa tseanaimsir, le hualaí a thabhairt thar an talamh garbh, nó thar an talamh cnocach, agus tá scéala orthu i gContae Thír Eoghain go dtí roimh an gcéad chogadh.

Na Bóithre

Carr sleamhnáin



(Grianghraf le T.H. Mason. Le caoinhead Roinn Bhéaloideas Éireann)

Tithe Móra



Sa leabhar *Book of Survey and Distribution* (1652), i dteannta an mhion-eolais atá tugtha ansin i dtaobh úinéirí na talún, b'iondúil go gcuirtí síos sa gcuntas é, dá mbeadh teach mór nó caisleán, nó ballaí caisleáin, sa mbaile fearainn. Níl aon ní dá sórt luaite sa gcuntas ar an gCeathrú Rua. Níl an teampall féin luaite ann. Tá a fhios againn féin go raibh cúpla teach leathmhór go maith san áit, ach níl a fhios cén uair a tógadh iad, ná cén duine a rinne iad. Níl a fhios le ceart cé a chónaíodh iontu, ach oiread.

Tá ballaí tí mhóir thíos ar an Diméan, taobh ó dheas anseo dinn. Níl aon eolas le fáil ar cén uair a rinneadh é. Tá sé ráite gur le *Gráinne Mhaol* i dtosach é. Bhíodh a cuid bád, deirtear, ag iascach agus ag tógáil creiche as seo go hÁrainn, agus taobh amuigh d'Árainn. Ar thrá an Chaoráin Bhig a thagadh cabhlach Ghráinne i dtír. D'inis an sagart paróiste, an tAthair Máirtín, dom gur baraillí rum a scaoilí amach an cuan ag fáiltiú roimpi, do réir mar a chuala sé ag seanfhondúirí na háite seo. Ba shin iad an taipéis dhearg a chuiridís síos di. Léidí mar í, déarfainn, más fíor na scéalta ina taobh, go mb'fhearr léi go mór fada an rúm ná an taipéis.

Maidir leis an teach mór seo, tá crúcaí láidre le feiceáil go daingean ina bhallaí, agus deirtear gur orthu siúd a cheanglaítí capaill Ghráinne. Tá sé ráite gur sa teach seo a chónaíodh báille, a dtugtaí *an Máilleach Mór* air, ina dhiaidh sin. Níl aon chuimhne ag daoine ar cén tiarna talún a mbíodh seisean ag obair dó. Fear gnaíúil a bhí ann, adeirtear, a bhíodh sách maith do na tionóntaí.

Tá lorg bhallaí tí mhóir eile le feiceáil, thiar sa Léana Fionn, sa gCeathrú Rua ó Dheas. Is fuarasta aithint gur teach galánta a bhí ann tráth. Luaitear sa seanchas go mba le *Gráinne Mhaol* an teach lena linn, agus síltear gur ann a chónaíodh *Hartnetty*, duine de thiarnaí talún an 19ú céad, anonn sa stair. In aimsir Ghráinne Mhaoil, bhíodh an siléar lán seasta sa teach le fíon agus rum, do réir na scéalta.

Chinn orm a theacht ar aon chuntas scríofa ar an gCeathrú Rua, as an gcéad leath den 19ú céad. I ndiaidh Bhliain na bhFrancach, níor chuir aon duine peann le páipéar, a thabharfadh le tuiscint go raibh baint ar bith ag pobal na Ceathrún Rua, ná ag muintir Chonamara fré chéile, le cogadh Napoleon, le aontacht na tíre seo le Sasana, leis an gCíos Caitliceach, le Domhnall Ó Conaill, le saoirse creidimh, ná le gluaiseachtaí eile na haimsire sin.

Bhí tubaiste amháin a leag lámh mharfach ar Chlainne Gael uilig i lár an 19ú céad. B'shin *an Gorta Mór*, agus nach mór an lán atá scríofa ar an scrios a rinneadh lena linn! Má tá féin, ba soiléire ná aon scríbhinn, agus ba bhrónaí uafásaí ná aon mharbhna i gceol ná i laoi, an bánú a rinneadh ar fud na hÉireann sa drochshaol.

Má bhreathnaítear ar chor na Ceathrún Rua san aimsir sin, tá le feiceáil nach bhfuil an scéal chomh hoic sin ar fad. Is fiú an dá mhór-áireamh, 1841 is 1851, a chur i bhfianaise. Sin díreach roimh an nGorta agus díreach ina dhiaidh. Sa mbliain 1841, bhí 856 dhuine agus 143 theach sna trí bailte, an Cheathrú Rua ó Dheas, an Cheathrú Rua ó Thuaidh, an Cheathrú Rua Thiar. Deich mbliana ina dhiaidh sin, tar éis an Ghorta, 721 duine agus 110 de thithe atá tugtha síos don limistéar céanna. Ba laghdú é, ach níor laghdú tubaisteach é. Ba mheasa i bhfad an cailteamas a d'fhulaing an Cheathrú Rua Thiar, áit ar thit an líon muintir ó 92 roimh an nGorta go dtí ochtar ina dhiaidh. Thit líon na dtithe ó sé cinn go péire.

Luacháil na Talún

Roinnt blianta tar éis an Ghorta, cuireadh tús le obair luacháil thalamh na hÉireann. *Sir Richard Griffiths* a bhí i gceannas uirthi, agus thóg sé seacht mbliana air í a chríochnú. Tá síorchanrán ar siúl ó shin, de bharr an éagruinnis is na bhfabhtaí a bhí ar an scéim as bun. Mar sin féin, is í an luacháil a bhí ar chúl rátaí is cánacha na talún sa tír seo go dtí le déanaí. Amach ag deireadh an chéid, nuair a bhí an Rialtas ag ullmhú Acht Talúna na hÉireann, choinnigh siad leathshúil ar luacháil Griffith seasta.

Tá toradh obair na luachála le fáil sa *Griffith Valuation* (1862), agus ba chóir go mba údar suime dúinne uilig é, mar tá ainm duine amháin de shinsir gach aon duine againn priondáilte sa leabhar ón am sin. Tá go leor páirteanna sa leabhar iomlán, mar tá chuile bhaile fearainn in Éirinn cláraithe ann, Tuaisceart is Deisceart, Iarthar is Oirthear, le luacháil amháin ar thalamh an ghabháiltais, agus luacháil eile measta don teach is do na sciobóil. In m'áit féin, Baile na Ronna, b'iondúil coróin nó deich scilleacha a ghearradh ar an talamh, agus ó choróin is punt go dtí chúig phunt ar an teach. Ocht bpunt a leagadh ar theach amháin sa Roinn Thiar.



Na Tiarnaí Talún

Is inspéise na tiarnaí talún atá ainmnithe sa leabhar. Ba le *Kirwan* an Cheathrú Rua ó Thiuaídh. *Lambert* a bhí ina thiarna talún ar an gCeathrú Rua ó Dheas is ar an gCeathrú Rua Thiar. Is cuimhneach le daoine atá beo fós caint a chloistéal ar *Lambert*. Chuile sheans nach gcónaíodh an bheirt údán sa gCeathrú Rua ar chor ar bith, agus níl luará ar theach a bheith acu san áit. Luaitear *Hartnetty* a bheith sa gCeathrú Rua ó Dheas, agus is cosúil go gcónaíodh seisean san áit, mar a scríobh mé cheana. Sa leath thoir den leithinis, páirt a bhain le paróiste Chill Aithneann, ba iad *Directors of the Law Life Assurance Company* a bhí ina dtiarnaí talún ann. Ní fios cén comhlacht iad siúd.

Am éigin roimh dheireadh na haoise, do réir an tseanchais, bhí tiarna talún nó báille san áit, ach ní féidir a dhearbhu cén posta a bhí aige, mar níl tagairt dó in aon scríbhinn oifigiúil, go bhfios dom. Ina chónaí i gCladhnach a bhíodh sé, agus ba leis a d'íoctaí an cíos. *Robeson* nó *Robinson* a bhí air, agus chuala mé gurb é an dara leagan sin a bhí ag muintir Ros Muc air. Rinneadh leath-fhocal sa gCeathrú Rua den ainm, '*Teachtair Robeson a choinneáil ón doras*', sin airgead an chíosa a bheith ar láimh agat.

Thart ar an am sin, deirtear go raibh an Cheathrú Rua roinnte ina dhá pháirt, dúiche Bherridge ar an taobh thoir, agus dúiche Mhiller ar an taobh thiar. Ní raibh sé de chead ag tionóntaí ó cheachtar den dá dhúiche seo talamh a cheannacht, ná fiú é a thógáil le uachta, sa dúiche eile, de réir an tseanchais. Is maith is cuimhin le cuid de sheandaoine na haimsire seo caint a chloistéal ar an roinnt seo a bheith déanta ar an gCeathrú Rua.

Sloinnte na nDaoine

De réir na sloinnte Gaelacha atá tugtha ag Griffith ina leabhar, is thar tír isteach, le trí chéad bliain nó mar sin, a tháinig an chuid is mó den phobal chun na leithinse. *Na Flaitheartaigh, Clann nDonnchaidh, na Fathartaigh, na Catháin, na Loideáin, Clann nDomhnaill*, ar ndóigh, agus *Clann Mhic Niallghais*, is iad sin an líon is mó de na sloinnte is fairsinge sa bpobal. Le cabhair na staire is an bhéaloidís, tá fhios againn cé na háiteacha as a dtáinig sinsir na ndaoine a bhfuil na sloinnte sin orthu.

San 14ú céad, díbríodh *na Flaitheartaigh* as an tír ar an taobh thoir de Loch Coirib, de réir údair na staire. Deirtear gurb as dúiche ar an taobh céanna den loch a tháinig *na Fathartaigh*, ach níl aon bhaint ag an dá shloinne sin lena chéile. *Ó Fothartaigh* is *Ó Foghartaigh* atá ar na leaganacha is sine, rud a fhágas go bhféadfadh gaol a bheith eatarthu sin agus *na Fógartaigh*.

Aníos ó Chéis Corann, i gceantar Bhaile an Mhóta, a tháinig *Clann nDonnchaidh* adeirtear, ach tá *Clann Donnchaidh* luaite mar ainm ar dhream amháin de na Flaitheartaigh as Baile na hInse, ina cheann sin. As Cúige Uladh *Clann Mhic Niallghais*, nó na *Griallaiseacha* mar a thugtar orthu abhus, agus luaitear Contae Mhaigh Eo leo chomh maith. Tá sé scríofa sa stair gurb as Contae an Chláir na *Loideáin*. As Contae Mhaigh Eo na *Catháin*, nó níos faide ó thuaidh, b'fhéidir, ach tá *Catháin* ins go leor áiteacha in Éirinn, ó Inis Eoghain go Ciarraí.

Do réir bhéaloideas mo mhuintir féin, tháinig sagart de *Chlann nDomhnaill* aníos as Cúige Uladh, i ndiaidh chogadh Chromail. Deirtear gur lean a mhuintir aduaidh é. Ar an Tismeáin, adeirtear, a chuir siad fúthu i dtosach, agus i mbrácaí beaga ann a chónaidís. Is den tseanchas gur aon dream *Domhnallach* uilig iad ar an gCeathrú Rua.

Cogadh na Talún

Is é an rud is iomráití a tharla sa gCeathrú Rua riamh, gan aon dabht, an chorráil náisiúnta in aghaidh na dtiarnaí talún, i Mí Eanáir na bliana 1880. Cuireadh in aghaidh fear leagtha na bpróiseanna faoi dhó roimhe sin, in 1879, ach tá mar mholadh ar phobal na Ceathrún Rua gurbh iad a bhí ina gceannródaíthe ar an tréaniarracht dalba a theastaigh le cumhacht na dtiarnaí talún a bhriseadh san am. Tá sé scríofa i dtaobh na Ceathrún Rua, gurbh ionann í, in ionsaí chogadh na talún anseo in Éirinn, agus baile mór Lexington i Meiriceá, áit ar caitheadh an chéad urchar sa gcogadh idir na Státaí agus Sasana, sa mbliain 1775.

Is iomaí cuntas atá scríofa faoinar tharla san am, ach is fearr a d'fhéadfadh an pobal seo mise a chur ar an eolas, i dtaobh na n-imeachtaí sin, ná mise a dhul dá inseacht dóibhsan. Bhíodh daoine dhá gcur as teach is áras san am. Bhí iarrtha ar an sagart paróiste a bhí anseo sna blianta sin cuntas laethúil a sheoladh chuig na páipéir, ar gach a raibh ag titim amach i gcúrsaí an chogaidh abhus. Rinne sé sin. Is éard a spreag an t-achrann i dtosach, nach ligfí d'oifigeach dlí próis a leagan ag ceann an tí in áit áirithe. Níor fhéad fear na bpróiseanna a ghnóthaí a dhéanamh in áit ar bith, na laethanta sin, gan garda mór póilíos a bheith leis á chosaint. Chinn ar an dlí aon chúis a dhéanamh an tráth sin, agus bhí a bhuíochas sin ag dul do mhuintir na Ceathrún Rua.

Níl dearmad déanta ag muintir na Ceathrún Rua den mhaith a rinne Micheál Davitt le linn achrann an Laindléig, ach oiread. Deirtear gurbh é ba freagrach as Cúirt na Talún a chur ar bun in Uachtar Ard, áit ar híslíodh an cíos anuas go dtí a leath ar dhaoine. Do réir ráitis, cheap an Chúirt measadóir le dhul thart, le feabhas na ngabháltas a mheas, sa gcaoi go leagfaí cíos ar chuile ghabháltas dá réir. Sasanach a bhí ann, ach togha an fhir, adeirtear. Dúirt sé ina fhianaise os comhair na cúirte nach bhfaca sé sa gCeathrú rua ach clocha is uisce. De bharr ar dhúirt sé, laghdaíodh an cíos ar na tionóntaí ann.

Nuair atá chuile shórt ráite, ní mór a amhdachtáil nach raibh in achrann na Ceathrún Rua ach páirt an-bheag d'imeachtaí aimsir an Laindléig.



Micheál Davitt

Scéimeanna Fóirithinte

Ba é an *tAthair Ó Conaire* a bhí anseo i rith an ama sin, agus is géar a d'airigh sé bochtaineacht is anró mhuintir an phobail. D'iarr sé ar chara leis, *Ida Yeats*, a theacht anseo as Baile Átha Cliath, féachaint an bhféadfadh sí réidh an achair de shaghas ar bith a thabhairt don phobal. Chaith sí tamall ann ag múineadh do chailíní le lása a dhéanamh, rud a mbíodh meas mór air san am. Rinne sí fóirithint mhór, mar tá sé ráite gurbh í an easpa oibre a mharaigh spiorad na ndaoine ar fad. Nuair a baineadh a gcuid talún díobh, céard eile a bheadh le déanamh acu?

Bhí déantús an lása ar siúl ins go leor áiteacha san Iarthar, chomh maith le hionaid eile ar fud na tíre. San *Statistical Account of Co. Galway* (1825) le *Hely Dutton* rinneadh tagairt do línéadach a bheith á dhéanamh i gConamara. Dhá shaghas a bhí ann, mín is garbh, agus os cionn céad seol in úsáid sa dúiche, de réir mar atá sa leabhar. Ina cheann sin, mheas an t-údar luach £10,000 do dhéantús na stocaí i gConamara, agus bhíodh siad á gcníotáil ar an gCeathrú Rua mar chuile áit, ar ndóigh. Deirtear go ndíoltaí na stocaí le mangairí, ach ina aghaidh sin, insítear i leabhar *Hely Dutton* gur beag díobh a dhíoltaí, ach go gcaití sa mbaile iad.

Sa mbliain 1913, thug *Ruaidhrí Mac Easmuinn* cuairt ar an dúiche seo. Ba mhór a mheas ar an nGaeilge, agus ar na daoine a choinnigh beo í, gan buíochas de chruatan a saoil. Ghlac Ruaidhrí an-trua ar fad do mhuintir na háite, go háirithe na páistí scoile, nuair a chonaic sé dreach na bochtaineachta ar chuile thaobh.

Isteach leis sa scoil go raibh tamall cainte aige leis na múinteoirí. Níor leis ab fhaillí é, agus go gairid chuir sé plúr is flainnín chuig muintir na háite. Deirtear go mbíodh daoine le cloisteáil ag ceol sna garrantaí nuair a chuala siad an dea-scéala, go raibh plúr tagtha ar bhád go Caladh Thaidhg faoina gcomhair. Ba mhór an grá Dia é do dhaoine nach raibh airgead acu le tada a cheannach. Bhíodh arán le fáil in aisce ag na páistí scoile ag am lóin, agus is do Ruaidhrí Mac Easmuinn a bhí a bhuíochas sin ag dul, chomh maith.



(Grianghraf le caointhead Roinn Bhéaloideasa Éireann)

Na Scoileanna

San *Statistical Account of Co. Galway* (1825), scríobhadh nach raibh i gConamara ach timpeall is dosaen de scoileanna. Ní bhídís ar oscailt ach sa samhradh; sa ngeimhreadh théadh an máistir thart ag tithe na ngasúr. I dtuarascáil Choimisinéirí an Oideachais don bhliain 1853, an ceann ba sine a chonaic mé, luaitear dhá scoil náisiúnta i bparóiste Chill Chuimín, ceann sa gCeathrú Rua, an ceann eile i Leitir Mealláin. Cúig ghasúr is trí scór atá curtha síos do scoil na Ceathrún Rua, agus aon mhúinteoir amháin. £14.10s a bhí ag dul don mhúinteoir ar obair na bliana.

Sa mbliain 1879, rinneadh scoil náisiúnta an Tuairín, agus is uirthi sin a thugtaí scoil náisiúnta na Ceathrún Rua. In 1893, cuireadh scoil náisiúnta suas sa bparóiste seo, Scoil Mhic Dara. Trí scoil a bhí inti le ceart, scoil buachaillí, scoil cailíní agus scoil naíonán. An scoil náisiúnta atá againn faoi láthair, is in 1951 a rinneadh í, agus in 1965 rinneadh an scoil atá sa Tuairín.

Osclaíodh gairmscoil anseo sa mbliain 1932. Bunaíodh meánscoil Chlochar na Toirbhirte i 1959. I 1968, is anseo a tógadh ceann de na chéad scoileanna cuimsitheacha sa tír, Scoil Chuimsitheach Chiaráin, an áit a bhfuil muid cruinn anocht. Tá coláiste Gaeilge anseo le roinnt blianta, le freastal do Ghaeilgeoirí óga a thagas ann ag foghlaim na teanga. Tá Áras Uí Chadhain anseo freisin, ar ndóigh, agus bíonn cúrsaí Gaeilge is eile á rith ansin faoi chúram Ollscoil na Gaillimhe.

Ag deireadh an chéid seo caite, agus suas go lár an chéid seo, bhíodh patrún ar an gCeathrú Rua, Lá Fhéile Mhic Dara. Thuas ar Leac an Phatrúin, ar bhéal an bhóthair, áit ar chas sibh anuas anseo, a bhíodh an siamsa. Ba iad Lá an Tobair, féile Choilm Chille, an 9ú lá de Mheitheamh, agus Lá Fhéile Mhic Dara, an dá fhéile ba mhór sa mbliain ag daoine, an t-am sin. Thagadh daoine anoir is aniar ar chuairt ag a chéile ar na féiltí úd. Thugadh daoine turas ar Loch na Naomh, Lá Fhéile Mhic Dara sa seanreacht.

Sa mbliain 1892 a rinneadh an séipéal nua anseo, más ceart *nua* a rá leis. Le Ard-deoise Thuama a bhain an séipéal, ach d'fheil sí don dá phobal, Cill Aithneann is Cill Chuimín. Is iad muintir an pharóiste a d'íoc as é a fhorgaint, agus chosain sé £1,150. Ba é an *tAthair Bháitéar Mac Conbhuí*, nó an *tAthair Bháitéar*, mar a tugtaí air, a bhí ina shagart paróiste le linn tógáil an tséipéil. Ina cheann sin, ba é a rinne teach an tsagairt, thart ar an am céanna.

Tá sé ráite go raibh a lán mionsiopaí san áit seo ag tús an chéid, agus i dtaca an ama sin, socraíodh suas teach posta sa gceantar. Tigh Shéamais Frainc, duine de na Méicils, is ann a cuireadh an posta. Ní mórán posta a thagadh chun na háite an uair úd. Is timpeall na bliana 1922 a tháinig na Gardaí isteach, agus tigh Pheadair Mhóir ansin thíos a chónaíodh siad an tráth sin, mar bhí an seanbheairic dóite go talamh ó aimsir na trioblóide.

An Geilleagar

Is géar a ghoill an imirce ar an dúiche seo, fearacht chuile áit sa tír. B'éigean do na céadta míle a n-aghaidh a thabhairt ar Shasana, nó ar Mheiriceá is na réigiúin. Is iomaí duine dár imigh nár fhill. Anois, tá an taoille casta, agus téann muintir na hÉireann go Meiriceá, ach má théann, is ar chuairt é, fearacht na Yanks féin a thagas anall.

Mar thús beag ar obair na ndéantús, bunaíodh monarcha chniotála abhus faoi dheireadh an 19ú céad. Cuireadh tús le monarcha feamainne, tráth. Le blianta beaga anuas, fothaíodh eastát tionscail sa bpobal. Bhíodh Gaeltarra Éireann, tráth, agus tá Údarás na Gaeltachta, le tamall, ag déanamh a ndícheall, le saothrú a sholáthar don phobal seo, gan trácht ar áiteacha eile sa nGaeltacht fré chéile. Ar ndóigh, faoi láthair, tá gaoth fhuar lagthrá an gheilleagair ag séideadh anseo mar gach áit eile, ach ní mhairfidh sin i gconaí.



Saothrú na Gaeilge

Tá litríocht, drámaíocht, ceol, cluichí is eile dhá gcothú ar an gCeathrú Rua le dhá scór de bhlianta anuas. Is deacair a theacht ar mhórán eolais i dtaobh filí áitiúla, ach is cinnte go rabhadar ann. Tá caint ar dhream a dtugaidís na Pyeanna orthu, agus bhí duine acu siúd ina fhile, deirtear. Ní hamháin sin, ach ba físi é chomh maith, rud nach hannamb, mar is eol dúinn go bhfaightear an dá bhua buil a chéile. Deir muintir na háite seo go bhfuil cuid mhaith dá thairngreacht siúd tagtha isteach fíor cheana féin. Bhí ollamh den ainm Pye i gColáiste Ollscoile na Gaillimhe, agus b'as Conamara é, b'íodh gaol aige leo siúd nó ná b'íodh.

Fear 'as an gceantar céanna leis na Pyeanna, *Peadar Neilidh Ó Domhnaill*, bhíodh seisean ag foilsíú altanna ar *Scéala Éireann* agus ar an *Irish Independent*. Ba gnás leis scríobh ar imeachtaí áitiúla, agus tharraingíodh sé polaitíocht thrína fhiacra go minic. Scríobh sé ar aimsir chogadh na talún, lena chois sin, ach ní feasach mé go ndeachaigh cló riamh ar an méid sin, nó an mbeadh fáil ar chuid ar bith den tsaothar sin anois.

Bhíodh fear eile de bhunú an cheantair ag saothrú leis ar son na Gaeilge, mar atá *Micheál Ó Catháin*. D'aistrigh sé go Gaeilge an leabhar *Coral Island*, faoin teideal *An tOileán Corghruanach*. Sa roinn seo, áit a bhfuil trácht ar dhaoine a bhí ag saothrú leo sa teanga bhinn bhlasta, níor cheart dúinn *Eoin Ó Súilleabháin* a ligean i ndearmad. Ní strainséara ar bith Eoin don amharclainn ná do scáileán na teilifíse in éineacht le é a bheith páirteach i ngnóthaí eile ag baint le cúrsaí Gaeilge.

Is cosúil gur spéis i gcónaí le muintir na háite seo an drámaíocht. Ar lá feise, insíodh dom go dtéadh cuid mhaith de na seandaoine ag breathnú ar dhrámaí a bhíodh á léiriú i gceartlár na Ceathrún Rua, anseo thuas. Thigeadh cliar drámaíochta Thaibhdhearc na Gaillimhe, i dteannta leis an Ollamh Liam Ó Briain, amach anseo. Bhíodh na drámaí ámuigh faoin spéir, ar stáitse oscailte, ansin thuas. Bhíodh cineál scátha ar na seandaoine roimh an diabhal sa dráma *Geamaireacht Dhroichead an Diabhail*, a d'aistrigh an t-ollamh é féin

Saothrú na Gaeilge

ón bhFraincis. Theannadh chuile dhuine acu siar ón stáitse, deir siad, nuair a thigeadh an diabhal amach ar cholbha an ardáin. Ansin, nuair a bhídís ag caint de chiúinchoimhrá eatarthu féin aríst, deiridís *"Bhí sé ann! An diabhal! Agus dhá adhairc air!"* B'fhacthas dóibh gur ghreannmhar uilig na fearaistí stáitse a bhí ag na haisteoirí. *"Ruainnín beag d'éadach gorm mar abhainn ann!"* Agus deireadh an ceann eile *"Pleainc leagtha trasna, mar ó dhia, gur dhroichead é!"* Nach mór an t-athrú a thagas le dhá scór blianta ar áit! Ar ndóigh, bhí cumann drámaíochta dár gcuid féin sa gCeathrú Rua ina dhiaidh sin, agus thugadar an chraobh leo ón Oireachtas cúpla uair.

Chuidigh gluaiseacht na Gaeilge go mór le saol an phobail a athrú anseo. Thosaigh lucht na Gaeilge ag tabhairt a n-aghaidh ar an nGaeltacht, idir óg is aosta. Fuair muintir na Gaeltachta pribhléidí áirithe ón Rialtas, agus tá siad sin acu fós. Ní háibhéalach Raidió na Gaeltachta a mheas ina phribhléid ar leith, mar túsaíodh é shul dár caintíodh ar aon raidió áitiúil sa tír seo. Bhítheas ag súil ag an am go gcuirfeadh an goireas nua tuilleadh treise leis an teanga Ghaeilge agus leis an nGaeltacht, agus sílim go n-aontóidh sibh uilig liom nuair adeirim go ndeachaigh bailchríoch ar obair Raidió na Gaeltachta ón gcéad lá riamh. Do réir mar a chuaigh caitheamh san aimsir, rinneadh fair-singiú ar a réim, go dtí go gcloistear a theachtaireacht ionann is ó cheann ceann na ríochta ar fad. Is mór an t-údar misnigh a ghlór cumasach, do chuile dhuine de Chlanna Gael a bhfuil aithinne den dúchas ann, cuma cén áit a bhfuil cónaí air.

Todhchaí na Teanga

Mar chríoch ar mo chaint, is mian liom tamaillín a chaitheamh ag labhairt ar an nGaeilge agus ar an dlúthbhaint atá aici le saol mhuintir na Ceathrún Rua. Tar éis an tsaol, nach hí an Ghaeilge agus a hathbheochain a thug le chéile sinn anocht? Níor luaigh mé an teanga, ach a bheag, go dtí seo, mar is i mBéarla a scríobhadh bunáite na leabhar a léigh mé, ag ullmhú an pháipéir seo dom. I Laidin is i mBéarla a scríobhadh *Ruaidhrí Ó Flaitheartaigh* a chuid leabhar. Is beag bídeach a rinneadh tagairt don Ghaeilge sa gcuid is mó de na leabhair sin uilig, ach sa leabhar *Walks in Ireland* (1819), scríobh *Trotter* gur Ghaeilge ar fad a chuala sé ar shráideanna na Gaillimhe. Is í, freisin, a chuala *Maria Edgeworth* ar a turas siar bealach Bhaile na hInse, seasta síoraí.

Níl an Ghaeilge ina cruacheist sa bpobal seo, ná ina lán áiteacha eile. Nach fada atáthar ag tuar na gcéidéagaí dhi! Nach fada tairngreachtaí an éadóchais le cloisteáil! Ina dhiaidh sin, tá muidne, Gaeilgeoirí, ann i gcónaí. Tá a chruthú sin ar an gcrúinniú seo anocht.

Is cruinniú de chineál ar leith é seo. Ba doiligh a mhacasamhail a thionól in áit ar bith eile, seachas ceann de na ceantair Ghaeltachta, agus é sin féin in aimsir fhéile an Oireachtais. B'fhéidir go ndéarfadh cuid agaibh lena chéile go mb'fhurasta a sheacht ndíol de chruinniú a thabhairt le chéile i mBaile Átha Cliath, port aireachais na tíre. B'fhíor sin don té adéarfadh é, gan dabht, ach seachtain! Ní hé an líon daoine a bheadh ar an gcrúinniú, a d'fhágfadh séala ar leith ar an gcrúinniú sin. Is iad an dream a bheadh i láthair a dhéanfadh ócáid thar ócáidí de. Lena chois sin, téann an t-ugach atá ag an dream sin don tsaol, ugach nár mhór a bheith fuinte as an nGaeilge in imeacht na mílte bliain. Fanfaidh an t-ugach ann, chomh maith leis an spiorad a chothaíos sé, nuair nach bhfuil in ollchruinnithe na ríochta uilig, dá mhéid iad, ach mion-tuairiscí ar pháipéar.

Tá *An Cheathrú Rua* agus na dúichí Gaeltachta dá sórt ina gcloich eochrach in áirse na Gaeilge. Ar éigean a sheasfadh an foirgneamh uilig dhá bhfuairéasa. Is mó is fíor-riachtanach an chloch sin de bharr athrú fadréimeach atá ag

Todhchaí na Teanga

bagairt faoi láthair. Is é an t-athrú atá i gceist agam, an imirce ó shaol simplí nádúrtha na tuaithe go dtí saol comhchasta aimhréiteach an airgeadais. Tá Éire ar fad faoi ionsaí ag an athrach céanna, le barr ar fiche bliain anuas. Ceapann a lán nach fearde an tír é, ach tá sé ina thréansiúl mar athrach, agus cá bhfios cén deireadh a bhéas leis?


Ní scéal nua é go bhfuil deacrachtaí ina ndris chosáin i mbealach na teanga. Nuair a thosaigh *Conradh na Gaeilge* ar obair na hathbheochana, céad bliain ó shoin, bhí an saol breá simplí. Ní rómhór an difear a bhí idir an tuath agus an baile mór san am. Shíl cinnirí an Chonartha nach raibh ag teastáil leis an nGaeilge a thabhairt ar an lámh shábhála, ach am is airgead is crua-obair. Ní breag a rá gur fial a cuireadh an tréi sin ar chúl na hathbheochana. Anois, sna laethanta deireanacha seo, tá sé faighte amach go gcaithfear dhá ní eile a chur ina dtaca le gluaiseacht na teanga. Sin síoraíocht, le greim docht a choinneáil ar a bhfuil buaite againn cheana, agus an spreagadh a thagas as toildheonadh daingean leis an gcúis a bhrú ar aghaidh go dtí go mbainfear an cuspóir amach. Tá foghlamtha againn nach ionann an Ghaeilge a bheith ag duine agus í a labhairt; nach ionann an Ghaeilge a bheith ag duine agus í a choinneáil.

Mara miste libh, cuirfidh mé i láthair an tionóil seo, go bhfuil dóchas mhuintir na hÉireann as an gCeathrú Rua agus as an nGaeltacht ina hiomlán, as ucht a mbuanadas riamh anall, i leith dúchais agus teanga. Is é ár nguí anseo anocht go mbeidh dea-shampla mhuintir na Gaeltachta ina spreagadh do Ghaeil uilig na tíre seo, ar mhaithe le caomhaint gach a dtáinig anuas chugainn ónár sinsir.



TAGAIRTÍ

- 1224—1562 *Annála Connacht*, A. M. Freeman
 1585 *Compassion Booke of Conought*, A. M. Freeman
 1652 *Book of Survey and Distribution*, Co. Galway, B. Mac Giolla
 Coille
 1684 *West of H-Iar Connaught*, R. Ó Flaitheartaigh
 1775 *Roads of Ireland*, Taylor and Skinner
 1782 *Tour in Ireland*, Young
 1780—90 *Wardenship Documents*, Analecta Hibernica
 1819 *Walks in Ireland*, Trotter
 1825 *Statistical Account of Co. Galway*, Hely Dutton
 1833 *Tour of Connemara*, M. Edgeworth
 1839 *Léarscáil Ordanáis 6"*, Co. na Gaillimhe 91
 1862 *Griffith Valuation*
 1899 *Leasú ar Léarscáil 1839*
 1902 *Leasú ar Léarscáil 1899*
 1904 *Notes on the Early History of the Dioceses of Tuam, Killala
 and Achonry.* H.T. Knox.



LÉARAID 1984

